


# Gaeltacht

2ú lá Feabhra. 1973 Iml. 1 Uimhir 1. Gach coicís LUACH 6p









# Saol úr san Ghaeltacht

Le roinnt bliana anuas tháinig an Ghaeltacht ar aghaidh i ndóigh nach gcreideadh duine ar bith deich mbliana ó shoin. Tá teaghlaigh iomlán ag pilleadh agus ag baint fúthu sa bhaile, áit a bhfuil obair ag éirí níos fusa a fháil i dtólamh.

Tá Gaeltacht Dhún na nGall ag fás mar thaispeánnan na pictiúrí seo shuas. Ach caidé fá na bliantaí atá romhainn? Tuilleadh fáis gan amhras. Fhad is cuireann muidinne, muintir na Gaeltachta, ár muinín innti. Ár dteanga a labhairt, ár traidisiún a choinneal agus oibriú le chéile. Tcífí muid nach bhfuil san fhás atá le feiceál an la ta inniú ann ach an tús. Ta bealach fada cruaidh romhainn b'fhéidir, ach tá sé cinnte.

## Go mairfidh an Ghaeltacht !

# EAGARALT

**Seo é an chéad eagrán de "Ghaeltacht," páipéar nuaíochta atá á scríobh sa Ghaeltacht agus á chlóbhualadh sa Ghaeltacht go h-áirithe do mhuintir na Gaeltachta. Seo iad cuspóirí s'againne—**

**1. Muintir na Gaeltachta a chur a scríobh agus a léamh go rialta ina dteanga féin.**

**2. An fhealsúnacht atá taobh thiar de aithbheochan na Gaeilge a chur roimh, agus a mhíniú do na daoine.**

**3. Páipéar nuaíochta bríomhar, suimiúl a chur ar fáil go h-áirthe do mhuintir na Gaeltachta.**

**Tchíthear dúinne go bhfuil neamh-iontas á dhéanamh de theanga bheo na Gaeltachta fá láthair agus má tá litríocht Ghaelach ar bith á cumadh inniú is i gcanúint na Galldachta is mó atá sí á cumadh—teanga a bhfuil lorg an-láidir an Bhéarla uirthí. Tchíthear dúinn gur i dtradisiún saibhir na Gaeltachta a chaithfidh bunrúta litríocht na Gaeilge a bheith. Tá súil againn fosta gur amach as an Ghaeltacht a thiocfas treoraithe ghluaiseacht na Gaeilge san am atá le theacht ná tchíthear dúinn go bhfuil lucht na haithbheochana le fada an lá ag iarraidh an Ghaeilg a aithbheochaint san áit atá sí marbh agus san am chéanna ag ligint dí bás a fháil san áit atá sí beo—sa Ghaeltacht!**

**Bheirmid buíochas dár gcairde Gaeltachta agus Galltachta a chuidigh linn an páipéar nuaíochta seo a bhunú.**


Comhghairdeachas agus ádh mór ó

**Teach Niochain An Chlochain Leith**

(Úinéar: F. Ó Baoil)



Comhghairdeachas ó

**Cormac Og**

**Bun Beag**

Cafe, Grosaer, Búistéir agus Earraí Ginerálta

Fón 126


## Cúntóir Scoil Rann Na Feirste

Ceapadh Séan Ó Gallchóir mar Cúntóir ar Scoil Rann na Feirste. As Gaoth Dobhair, fuair sé a chuid bun oideachas ar Scoil Chnoc An Stolaire as a dteachaigh sé go Coláiste Eanna gContae na Gaillimhe agus an Coláiste Traenála i mBaile Áth Cliath.

Bhí sé ag teagasc roinnt bliain in Achad Mac Cearra i gContae Mhuneachain sul a dtáinig sé go Rann na Feirste tá goirid ó shoin.

Tá sé pósta agus lena bhean Roisín agus triúr páistí tá sé ina chónaigh Machaire Chlochair.

Tá lúcháir ar mhuintir Rann na Feirste é bheith ina mhúinteoir acu, agus cuireann siad, agus a chairde go léir a gcomghairdeachas chuige.

## Tionscal Iascaigh An Chinn Cheaslaigh

Tá tionscal leasadh scadáin ar siúl ag an chéidhe ag Gort na Saighd, Ceann Ceaslach fá láthair, ina bhfuil scór fir ag obair. Le tamall fada anois tá Coiste Forbartha an Chinn Cheaslaigh ag troid le deontas a fháil ar shon an chéidhe seo le feabhas a chur air, ach gan toradh ar bith go fóill.

Bíodh sin mar tá sé, níl lagadh misnigh ar bith ar an Choiste seo ar a bhfuil Pádraig Ó Laodhaigh, Aodh Ó Domhnaill O.S., Eoin Ó Searcaigh agus Dualtaigh Ó Searcaigh mar cheannarí.

Bhéirfidh siad le hinnse gurbh é seo an t-aon chuan nádurach ar chósta Dhún na nGall ina dtig le bádaí theacht isteach ag am ar bith gan bheith ag brath ar an taoide.

## PRÍOMH OIDE ÚR SCOIL RANN NA FEIRSTE.

Ceapadh Pádraig Mac Gairbhigh as Gaoth Dobhair mar Príomh Oide Scoil Rann na Feirste tá goirid ó shoin. Fuair sé a chuid bun oideachas i scoil Adhamhnáin, An Luinnigh. Ina dhiaidh sin chuaigh sé go Coláiste Eanna i nGaillimh agus Coláiste Traenála i mBaile Áth Cliath. Ó 1961-1972 bhí sé mar Phríomh Oide i Scoil Ghleann Fhaoilidh i gCuill na gCuirridín. Anuraidh tháinig sé mar chúntóir go scoil Rann na Feirste.

As teaghleach múinteoirí Pádraig, a bhfuil dhá dheirfúir agus deartháir ag teagasc fosta. Tá deartháir eile aige ag obair i nOifig an Phoist, Baile Dhún na nGall.

Tá sé 29 blian d'aois, pósta le ceathrar páistí. Tá a bhean Nóra as Dobhar. Fá láthair tá sé ag tógáil teach úr ar na Machaireacha a bheas críochnaithe gan mhoill.

Cuireann a cháirde go léir i Rann na Feirste agus Gaoth Dobhair a gcomghairdeachas chuige agus tá súil againn uilig go mbeidh gach ádh air ina phosta úr.

## SCOIL ÚR ANAGAIRE

Tá'n obair ar scoil úr Anagaire ag teacht ar aghaidh go maith. Scoil mhór a bhéas inti a sholáthraíos do'n 218 páistí a bhéas ag freastal uirthí. Sé Comhlacht Slebhin atá a tógáil agus an t-Uasal Pádraig Mac Giolla Chearra atá mar thógbhaluidhe.

Nuair a druideadh scoilteacha Mín a Leice, Mullach Dubh, Ard Crón agus an Phoinnte, tugadh na páistí go h-Anagaire agus socrú iad ins an t-sean-scoil agus an Choláiste.

Bhunnaidh an t-Ard Mháistir an t-Uasal Cathal Ó Baoill O.S. scéim coigiltis scoile tamal ó shoin agus go dtí deireadh Meitheamh a chuaigh thart, bhí an figur breá de £630 i dtaisce ag na páistí. Tá a bhfoilseachán beag fhéin darbh ainm 'Réalt' acu a scríobhann na páistí.

Le cois an t-Ard Mháistir tá Donnachadh Mac Fhionnlaigh O.S., Pádraig Ó Baoill O.S., Treasa Bean Uí Gallochair O.S., Máire Bean Uí Chomhaill O.S. ag teagasc.

## Príomh Oide úr do Scoil an Bhun Bhig

SÉ AN PRÍOMH OIDE atá ar Scoil an Bhun Bhig ná Donnchadh Mac Fhionlaoich. Fuair sé a chuid bunscolaíochta ar Scoil Chnoc An Stolaire agus cuireadh oiliúint múinteora air i gColáiste Phádraig, Baile Átha Cliath. Bhí sé ag teagasc i mBaile Átha Cliath ó h-oileadh é. Bhí sé ina leas-phríomh-oide ar cheann de na scoltacha is mó ansin Bhain sé céim B.A. amach agus Ard Teastas an Oideachais comh maith i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath.

Ceapadh é mar Príomh Oide i Scoil Rann na Feirste nuair a h-athfoscilaíodh an scoil sin san Aibreán seo a chuaigh thart.

Bhí muintir Rann na Feirste ionntach buaireach na dhiaidh agus thug na páistí bronntanas dó ag fágail.

Dhéan a chairde uilig in Rann na Feirste agus Gaoth Dobhair comhghairdeachas leis ar an phost úr seo atá tuillte aige

## Ceidhe Ur Ailt a' Chorrain

Beidh sé dhá bhlian go fóil sul a mbeidh an obair críochnaigh ar chéidhe Ailt a' Chorain. Cé go rabh an aimsir iontach garbh le tamall, níor choinigh sé an obair chun deiridh.

Tá'n chéidhe úr a thógáil amach ón t-sean cheann fhad leis an marcaire i lár an chuan, ar chostas thart fá £200,000.

Beidh i bhfad níos mó spáis ins an chuan, a bhí go dtí seo ró bheag do'n mhéid gnoithe a bhí ann. Lena chois sin bheirfigh an chéidhe úr fascadh do na bádaí ar ancaire, a briseadh go minic roimhe seo.

Tá Séamus Ó Buí as an Phoinnte os cionn an obair, agus naonar fear fé na chúram.

Níl móran scadain á fháil ag na bádaí atá ag oibriú as Ailt a' Chorain. Déir na h-iascaraigh go bhfuil an chuid is fearr den iascaracht á dhéanamh thart ar chosta Mhaigh Eo, áit a bhfuil na scarbháin scadain níos fluairsaigh. Tig cuid mhór dena bádaí isteach go dtí Na Cealla Beaga atá iontach gnoitheach.


Comhghairdeachas agus ádh mór ó

**Anton 'Dora' Mac Fhionngaile**

**Seirbhís Mini-Bus Oíche agus Lá**

**Anagaire agus Glascu**

Fón Anagaire 1 agus Glascú 041 429 6696
041 959 8620



Comhghairdeachas ó

**Radharc na Mara**

AGUS

**Ostan Gaoidoir**

Oíche Cheoil i Radharc na Mara 'rith an tSamhraidh

Ostán Gaoidoir foscailte ó Fhéil Pádraig.

# Thiar i nGleann Ceo

le Tadhg Ó Rabhartaigh

### BAGAIRT ÓN TIARNA TALAIMH

Tráthnóna beag ciúin a bhí ann, fá chúpla lá den Nollaig, agus ba shuaimhneach an chuma a bhí ar Ghleann Ceo, ina luí go marbhánta faoi chorradh le troigh de shneachta. Súil ghéar a dhéanfadh amach cró nó cónaí ann, claí nó crann. Agus ní raibh cuma ar an tsneachta chéanna a bheith ag imeacht in aichearracht. Óir bhí sé sioctha go crua, agus dealramh ina chraiceann faoi aoibh chloíte na gréine. Ach bhéarfá fá deara an dealramh sin ag meath de réir mar bhí an ghrian ag tógáil a haoibhe den ghleann, agus ag éalú léi síos ar chúl an tsléibhe thiar.

Tharla Tríona Nic Giolla Dé ina seasamh ag tóin a tí féin agus an gleann go hiomlán faoina súil. An teach seo ar tógadh ann í, bhí sé ina shuí thuas go hard ar thaobh an ghleanna agus beanna garbha an tsléibhe ina seasamh ar a chúl. Bhí bealach mór ag gabháil thart leis, idir é agus na beanna, an bealach mór a bhí ag teacht isteach as Cúl le Gréin go Barr Gleanna agus ag gabháil as sin síos go bruach Loch Eala. Ar an taobh eile den ghleann, bhí bealach mór eile ag gabháil síos mar an gcéanna a fhad leis an loch. An teach seo a bhfuil ár n-umhail air, d'fhéadfá a rá go raibh sé leath bealaigh idir bun agus barr an ghleanna; agus, mar atá luaite cheana féin agam, ní raibh cuid ar bith den ghleann sin i bhfolach ar an ghirseach a bhí ina seasamh ansiúd go socair ag breathnú uaithi. Girseach í nach raibh ach amuigh is istigh ar na seacht mbliana déag agus, an chéad amharc a bhéarfá uirthi, chaithfeá taitneamh a thabhairt di. Ach cé go raibh sí gealchraicneach i gceart, agus casfholt cnódhonn ag titim fána guaillí, ní abródh aon duine go raibh sí dóighiúil. Bhí sí ina sáith airde, go dearfa, agus bhí a corp agus a géaga cumtha go deismear. Ach ina dhiaidh sin, níor cuireadh sa chuntas riamh í nuair a bhíodh spéirmhná an ghleanna á lua thall is abhus i dtithe airneáin. Is é rud a deireadh daoine go raibh scéal fada ar an chaoineas agus ar an stuaim a bhí ag siúl léi. Agus an dream a raibh aithne mhaith acu uirthi is é an rud a deireadh siadsan gur girseach a bhí inti a raibh dea-spéir os a cionn. An strainséir a gcasfaí air í agus a dhéanfadh tamall comhrá léi, ní dócha go n-abródh sé go bhfaca sé gnaoi ar bith uirthi thar an mheasarthacht. Ach is scéal cinnte é go n-abródh sé an rud a dúirt mórán daoine a thug a mbreithiúnas uirthi: gurbh éagoitianta an tuigse agus an tsíodúlacht a bhí inti, do ghirseach a tógadh i measc na mianachóirí fá mhalaí garbha Ghleann Ceo.

Bhí a bos lena leiceann aici, agus í ag amharc uaithi ar bhallóg na seanmhainistreach a bhí go huaigneach i gcuma, an tráthnóna seo, amuigh thíos ar bhruach Loch Eala. Sa tseanreilig a raibh an bhallóg sin ina seasamh ina lár bhí máthair agus athair Thríona sínte faoi fhód. Deich mbliana roimhe sin a cuireadh an mháthair. Fuair sise bás nuair a rugadh Úna, deirfiúr bheag Thríona. Ní raibh an t-athair marbh ach le bliain. Tugadh eisean uathu agus gan é ach na cúig bliana agus daichead; ach ní raibh sláinte rómhaith ag an duine bhocht ar feadh tamaill fhada sular éag sé.

Tháinig seanduine thart le coirnéal an tí agus é ag baint taca as bata. Bhí litir leis ina láimh.

"Bhí mé do do chuardach," ar seisean: "léigh an litir seo, a rún, go bhfeicimid cad é an scéala atá inti."

Shín sé an litir chuici, agus dhírigh sé é féin mar bheadh sé ag dúil le buille a ghortódh é.

"Creidim, a rún," ar seisean, "nach é an dea-scéala atá inti."

Seanduine mórchnámhach a bhí ann agus é corradh leis na sé troithe ar airde. Dálta bunús chuid fear Ghleann Ceo, mianachóir a bhíodh ann, agus mianachóir ar dóigh, go dtí go dtug an aois air a phiocóid a fhágáil uaidh go deo. An té ba lú a raibh eolas aige ar stair an Ghleanna, bhí a sháirfhios aige gurbh é Conchúr Mór Mac Giolla Dé an fear ab urranta ó Bharr Gleanna go Loch Eala an tráth a bhí sé i mbláth a shaoil. Agus chan de thaisme a fuair aon duine a leithéid de chlú fán ghleann chéanna, óir bhí sin ann, an iomad tréanfhear. Ach bhí Conchúr Mór chomh láidir sin, lá den tsaol, go dtugtaí "An Capall" mar leasainm air. Agus an uair a cuireadh ceist ar fhear áirithe cérbh iad a bheadh aige ar mheitheal a bhí sé ag brath a chur ar leadhb de thalamh úr, á bhriseadh, ba é an freagra a thug sé uaidh: "Conchúr Mór agus dornán fear!" Is iomaí gáire a rinne daoine faoin chaint sin fá Ghleann Ceo, agus taobh amuigh de; ach an fear a dúirt í, b'fhada uaidh a bheith ag déanamh grinn.

Ach d'imigh siúd agus tháinig seo. Bhí Conchúr Mór corradh le deich mbliana agus trí scór san am seo, agus ba bheag den tsean-neart a bhí fágtha ann. An t-aon mhac a chuir Dia chuige, bhí sé sínte faoi fhód thíos ag ballóg na seanmhainistreach ar chladach Loch Eala, agus ní raibh aon duine le saothrú don bheirt ghirseach ná don bheirt ghasúr a d'fhág sé ina dhiaidh. Bhí an mhuirín óg sin istigh ag Conchúr agus ag a sheanbhean, agus iad uilig faoi anás. Murab é an beagán airgid a bhí Tríona agus an tseanbhean a thabhairt isteach ar chniotáil agus ar uibheacha, ní bheadh de bhia acu ach na prátaí agus an mhin choirce bunús an ama. Breoiteacht agus bás an fhir a bhí ar shlua na marbh, chuir sin costas orthu a d'fhág i bhfiacha iad, dá n-ainneoin, tigh Eoin an Droichid; agus i dtaca le Mac Alastair de, an tiarna talaimh ar leis an gleann uilig agus an mianach lena chois, bhí seisean ag éirí iontach confach ar na mallaibh cionn is iad a bheith ar deireadh leis an chíos. Ní raibh sé ach cúig nó sé de laetha roimhe sin ó tháinig litir uaidh fán scéal. Ach, faraor, ní raibh an cíos sin ag Conchúr gránna le tabhairt dó, ná a leath féin; agus ní raibh le déanamh aige ach fanacht go n-imíodh an sneachta go dtéadh sé i láthair an tiarna go míníodh sé an scéal dó agus go n-iarradh sé spás air. Ach de réir chosúlachta, cha raibh an tiarna ag brath fanacht le himeacht an tsneachta, nó ba uaidh a tháinig an litir seo. Bhí an seanduine cinnte de sin, cé nach raibh sé in inmhe aon fhocal a léamh ná a scríobh.

"A Thríona, a thaisce," ar seisean, "cad é atá inti?"

Thiocfadh le Tríona maith bheag de chineál éigin a fheiceáil sa ní ba mheasa amuigh.

"Tá sé ag tabhairt spás dheich lá dúinn," ar sise.

"Agus cad é a dhéanfar ansin?" arsa an seanduine.

Níor labhair sí an iarraidh seo. Ní ligfeadh a croí di inse don tseanduine bhocht go raibh Mac Alastair ag bagairt an bhealaigh mhóir orthu i gceann dheich lá. Ach chonaic an seanduine deoir ag cruinniú ina súil agus chonaic sé, fosta, an saothar a bhí uirthi ag féacháil leis an deoir sin a choinneáil ar gcúl. Ach tháinig an deoir dá hainneoin, agus shil sí anuas lena pluc. Síos an gleann a bhí sí ag amharc, ar an tseanmhainistir a bhí thíos ar bhruach Loch Eala. Thuig an seanduine an rud a bhí ar a hintinn agus dhearc seisean, fosta, ar an tseanbhallóg sin.

"Mo dhuine bocht!" ar seisean. "Dá bhfágadh an Rí beo é agus é ina shláinte, chan é an bealach mór a bheadh Mac Alastair a bhagairt orainn inniu."

**Tuilleadh i gceann coicíse**


Is ar ghleann mór Airgneach na Mianach, áit a dtagann teorainneacha Ros Comáin, Liatroma agus Shligigh le chéile, a bhí an t-údar ag smaoineamh nuair a scríobh sé *Thiar i nGleann Ceo*. Chomh maith le cuntas réadúil ar mhianadóireacht guail in Éirinn agus ar na gábha a ghabhann leis, tugtar léargas ar stair shóisialta na ndaoine aniar ó aimsir na dtiarnaí talún go dtí gur baineadh triail as an gcomharchumann. Fite fuaite tríd tá eachtraí Chogadh na Saoirse agus scéal coscrach grá.



I Rosa Thír Chonaill, sa bhliain 1909, a rugadh Tadhg Ó Rabhartaigh. Chuaigh sé le ceird na múinteoireachta nuair a bhí sé sé bliana déag d'aois. Chaith sé tréimshí gearra ag sclábhaíocht in Albain chomh maith, tréimhse acu ar an bhfeirm chéanna ar a bhfuair a athair bás.

As na leabhair a fuair sé formhór a chuid léinn, ach ba é Seosamh Mac Grianna, an t-údar cáiliúil, i sraith léachtaí a thug sé ar Litríocht na Gaeilge, a mhúscail suim sa scríbhneoireacht ann. Chaith sé tríocha bliain ina mhúinteoir gairmscoile i mBreifne Uí Ruairc. Tá sé ar ais anois ina pharóiste dúchais. Is breá leis an fharraige, an ceol agus an litríocht.

As Airgneach a bhean, agus tá seachtar mac agus iníon acu.



**Beirt fhear in eitealán thaire Naples:**
**Fear a h-aon:** "A' chuala tú fá Naples a fheiceáil agus bás a fháil?"
**Fear a dó:** "Chullaidh."
**Fear a h-aon:** "Bhal amharc go maith, tá muid amach as peitreal!"

Dúirt an doctúr liom go n-geobhaidh sé mé ar mo chosa gan mhoill."
"Agus a bhfuair?"
"Fuair. B'éigin domh fáil réite do mo ghluaisteán lena bhille a íoc.

**SIOPA CHASSIE**

**Loch an Iúir**

Guthan Anagaire 5

**Pádraig S. Mac Giolla Bhríde**

Doirsí, Fuinneógaí agus obair adhmaid.

**Baile Lár, Doirí Beaga**

Fón Bun Beag 55

# Do'n Aois Óg . . .



Anna Marie Ní Dhónaill iníon "Phaddy Joe" as Anagaire.
Aois 9 mbliana. Caitheamh aimsire: Corpoiliúint, Piano agus tá sí i mbuíonn ceoil na scoile.


Chuaigh sean-duine ag an dochtúir agus d'innis dó go rabh pian ina cos a bhí a creapladh.

"Tá eagla orm" arsa an dochtúir "gurb é sin an sean-aois atá ort."

"Amaidí" arsa an sean-duine "tá an aois cheanna ar mo chos eile agus níl pian ar bith ann."

## Tómhas cé h-é!

Tá ainm clúiteach i bhfolach ins na pictiúrí beaga seo leannas. Scríobh síos an chéad leitir de ainm gach pictiúr agus, má chuireann tú san ord ceart iad beidh ainm duine clúiteach agat.




Dia díbh, a pháistí,

Seo bhur leatheanach féin! Tá súil agam go mbainfidh sibh sult as an spórt atá le fáil air, ach ba mhaith liom cluinstin uaibh. Cuirigí bhur bpictúrí chugainn, agus pictúrí bhur gcuid peataí agus dhéanfaidh mé mo dhícheall iad a chuir ar an leathean-ach seo. S'na eagráin atá le theacht tá cuid mhór comórtaisí, scéaltaí grinn, X-fhocail, agus moll mor rudaí eile go speisialta fá bhur gcoinne féin.

Seo Eoinín, agus a mhadadh, ag bun an leathanaigh. Coimhead fána choinne achan choicís, beidh seisean ag coimhead fá bhur gcoinne!! Anois, déan amach cé an duine clúiteach a bhfuil a ainm i bhfolach ins na pict-úrí beaga seo agus cuir chugam a ainm. An chéad freagra ceart a bhainfaidh mé as an hata, bainfidh an duine sin 50p.

Slán go fóill,
ó bhur gcara . . . .







Páistí Bhríd agus Mhuiris Uí Cholla atá ar Scoil Rann na Feirste.

D'iarr múinteoir ar an rang aiste a scríobh fá chluiche péile. Thoisigh siad uilig ag scríobh ar an bhomaite ach gasúr beag amháin a shuí ag cagnadh a pheann. Indiaidh tamall fada, thoisigh sé ag scríobh agus ní rabh abhfad gur shín sé a cóip leabhair ag an múinteoir. Nuair a d'fhóscal an múinteoir an leabhar, bhí scríobhta ann:

"Cuireadh ar gcúl an chluiche péile de thairbhe na fearthaine."

Doctúir: "Caidé mar 'tá tú inniú.?"
Duine tinn: "Níl caill orm, ach tá mé ag fáil trioblóid le m'anal go fóill."
Doctúir: "Ah! caithfidh muid féiceal, agus stop a chur le sin."

## Eoinín agus a Mhadra







Máire Ní Garbheith iníon Mháire agus Phádraig Mac Garbheith as Loch an Iúir. Aois 6 bliana. Tá sí ar scoil Loch an Iúir. Caitheamh aimsire: Rothaíocht, Rinnce agus Líníocht.

# Cúrsaí an tSaoil

le SEÁN BÁN MAC GRIANNA



Théid an lán amach 's isteach,
Is cuma sinne muscailte no suan,
Théid an lán amach 's isteach,
Is cuma sinne meadhrach na faoi ghruam,
Théid an lán amach 's isteach,
Is cuma sinne ar misce na nár stuam,
Is na mealta fear a shileas,
Ar an tsaol seo a chuiche,
Go bhfaidh sé buaidh.

Fásaidh an bhachlóg teacht an nEarraí,
Ins an tSamhradh bí gach torr i mbláthas,
Sin í an éanlaí ins na crannibh,
Ins an Fhomhar bí gach toradh lán,
Teacht an Gheimhrí tuití an duilleor,
Tig sín 's sealadh as gach aird,
Sioc 's sneachta, gearradh dubh na Nollag,
'Cha deid cosc le h-obair Dé go bráth.

Gheibh lámh láidir buaidh na luige,
Tá'n saol seo rannta éag'corthram ar ndóidhe,
Bidh fíon is feol ag bodaí,
Agus creatuir bhochta, gorta fán gan stór,
Tá sainnt an tsaol faroire go buan a ndalladh,
Ach ní choinnean saibhreas duine 'choiche beo.
Má gheibh siad crefóg a cúdachas a cholainn,
Níl mé a n-éileadh lá bheidh siad 'gabhail fé fhód.

Sheid gra go linn na gcaolán ins an duine,
Agus fágaid sé go buain é cainnt leis fhéin,
Ag mearadh ar an phleisir atá roimhe,
Sin no a' mairignigh fán tsaol 'tá na dhiaidh,
Is ábhar bróin i gcónaí an t-am a chaitear,
Cailltear eadail ann, na féidir fhail go deo,
Da mbeadh an saol seo ar ár mian,
Nár bheag an t-suim é,
Ach an geirrfhiadh sin imthíos bí sé mór.

'Siomaí lúb 's corr sa chiniúint,
O thús ár saol go lá ár mbáis,
'Siomaí rún a bíos ag duine,
Nach dual do chur i ngníomh go bráth.
Ach da mbfuigh sinn buaidh na cruinne,
Is cead ár miantaí chur i láthair cáith,
Rachid sinn go grinneal dá bharr,
Dí faoide 's diabhal céile 'thart le'r saith.

Gach ceart ar cosnamh.


CORMAC UA BREISLEÁIN & A MHAC

Na Faisiúin is nuaidhe agus is déanaí do BHUACHAILLÍ agus CAILÍNÍ.

ROGHA MÓR DE GACH CINEÁL

LÉINTE : BRÓGA
BRISTÍ : ANORAKS, &rl.


# Bosca na litreach

A Eagarthóir a chara,

Ba mhaith liom fáiltiú roimh do pháipéar úr. Is comhartha beatha agus fáis, comhartha dóchais don Ghaeltacht é. Is gníomh creidimh fosta é, rud atá de dhíth go mór in Éirinn an lae inniú.

Is obair chruaidh mhaslach í foilsiú pháipéir. Beidh cathú ort géilleadh don éadochas. Beidh brú ort do chuid prionsabail a chur ar leath taoibh. Ná déan sin choíche. Mar tá Gaeltacht Uladh lán de lúcháir lá breithe seo do pháipéir. Tá a croí ag bualadh níos láidre agus tá sí ag súil le treoir. Biodh sé mar chuspóir agat Éire bheith Gaelach, í bheith saor, í bheith gan roinnt, í bheith Críostaí.

Rath Dé ar an obair
Fionntán Mac Aodh Bhuí.

# Pobal Scoil

Tá feachtas ar siúl ag muintir Ghaoth Dobhair ar mhaithe le scoil-phobail. Tá an scoil geallta le fada, ach ní leor é bheith geallta. Tá na blianta ag dul thárt, na gasúirí agus na girseachaí ag fás. Is deacair aigne na Roinne Oideachais a thuighbheáil. Tá siad ag iarraidh an cineál úr scoile seo a "dhíol" ó dheas; seo pobal atá lán sásta glacadh leis ach níl sé a thabhairt dóibh. Tá "polasaí láidir dearfa náisiúnta" ag an Rialtas i leith na Gaeilge de réir an Aire Oideachais; seo pobal Gaelach atá ag iarraidh scoil phobail Ghaelach, ach fós ní bhogann an Rialtas.

Tá cás Ghaoth Dobhair déanta amach go cúramach i bhfoirm paim-fléide agus tá sin scaipthe ní h-amháin i nGaoth Dobhair ach ar fud na h-Éireann. Dá bharr tá na céadta daoine i dTír Chonaill, i mBéal Feirste Baile Átha Cliath agus Corcaigh taréis scríobh chuig an Aire ag tabhairt tacaíocht do Ghaoth Dobhair.




## SAN OISPIDÉAL

Tá Conall Ó Domhnaill, Ard Mháis-tir na Ceard Scoile, Loch an Iúir fá láthair in Ospidéal Naomh Sheosamh, (Raheny) Baile Áth Cliath. De réir scéala ón Ospéidéil tá sé ag biseadh go maith agus tá súil ag múinteóirí agus scoláirí na Ceard Scoile comh maith lena chairde go léir i Loch an Iúir nach mbeidh abhfad go mbeidh sé sa bhaile arís.

*"A people without a language of its own is only half a nation. A nation should guard its language more than its territories—'tis a surer barrier, and more important frontier, than fortress or river."*

—THOMAS DAVIS.


Comhghairdeachas agus ádh mór ó

COISTE FORBARTHA
Loch An Iuir

Comhghairdeachas agus ádh mór ó

D. O BAOILL
Grosaer Mace, Feoladóir.
AILT 'A CHORAN

Anna Ní Chnámhsaí
Páipéar nuacht, Grósaer, Calor Gas
An Bun Beag

Comhghairdeachas agus ádh mór ó

Anton Ó Domhnaill
Páipéir, Leabharthaí, srl. Tá "Gaeltacht" le fáil anseo
An Droichead, An Clochan Liath

## AR SCOLÁIREACHT GAEL LINN

Tá Enna Mac Fhionlaich as Baile Áth Cliath ag freastal ar scoil Rann na Feirste fá láthair ar scoilearacht Ghael Linn. Sé an scríobhnoir cailiúl as Gleann Súile "Cú Uladh" (Pádraig Mac Fhionnlaich) a áthair mór.

Tá beirt eile páistí ar an scoil fosta faoi scoláireacht Ghael Linn. Cailín as Contae Mhuineacháin Bríd Ní Chíonn agus buachall as Contae Lú Pádraig de Faoite.

Bé siad ag freastal ar an scoil go dtí an Cháisc.

Taispeannan siad an suim atá ag an t-aos óg ins an teanga, a thiocfas go dtí an Ghaeltacht tréimhse fada le feobhas a chur ar a gcuid Gaeilge.

Cuireann an "Ghaeltacht" fáilte rompa agus tá súil againn go méadaigh siad a gcuid Gaeilge idir seo agus an Cháisc.

---

### Bás Seosaimh Mhic Grianna

Is le brón mór a chullaigh pobal Gaoth Dobhair agus na Rosann fá bháis Sheosaimh Mhic Grianna a tharla i nOispeadal Leitir Ceanainn le goirid.

Duine breá cneasta, macanta, suaimhneach a bhain cairdeas achan nduine a rabh aithne aige air. Tógadh i Rann na Feirste é agus chaith sé seal dena shaol i nGlascú. Phill sé go Machaire Loisce áit ar thóg sé teach úr roinnt blianta ó shoin.

Bhí a thórramh go Reilig Mhachaire Gáthlán i ndiaidh an Aifrinn i Seipeal Naomh Mhuire, Doirí Beaga iontach mór agus thaispean sé an meas a bhí air san pharoiste.

Fágann sé a bhean Anna agus naonar teaghlaigh chuig a dteann comhbhrón an phobail.

Ar Dheis Dé go rabh a anam.

---

### Bás Anna Nic Ruaraigh

Bhí brón mór ar fud Pharoiste Anagaire nuair a chualadar fá bhás Anna Nic Ruaraí as an Ghleann a tharla go tobann tá goirid ó shoin.

Bean shuaimhneach, cáirdiúl a bhí innti agus tháinig a bás mar bhuille, mar ní rabh sí ag éileamh roimh ré.

Bhí slua mór ag a tórradh go Teach Phobal Anagaire i ndiaidh Aifreann mhall De Domhnaigh 21ú Eanáir, a thaispean an mheas a bhí uirthí san Pharoiste.

An t-Athair E. Ó Frighill a léigh Aifreann na Marbh agus a bhí i mbun an t-searmonais ins an roilig 'na dhiaidh.

Deantar comhbhrón an phobal lena teaghleach agus a daoine muintreach go léir.

Ar Dheis Dé go rabh a h-anam.

## £7,500 Á CHAITHEADH AR SCOIL LOCH AN IÚIR

Fá láthair tá scoil Loch an Iúir a cóiriú ar chostas £7,500. Tá an obair ag teacht ar aghaidh go maith agus is dóiche go mbéidh sé críochnaigh ag deireadh mí Márta, ach meastar go mbéidh na páistí aráis intí ag deireadh na míosa seo.

Le cois an scoil fhéin, tá sráid tar a leagadh taobh amuigh agus foscadh i gcóir sugraidh.

Idir an dá linn tá'n scoil a choinneal i dtigh Ghearróid Uí Bhaoill.

Ábhair mór lúthaire do mhuintir Loch an Iúir go bhfuil an obair seo ag gabhail chun cinn sa deireadh agus tá siad an-buíoch don Roinn Oideachas a chur an t-airgead ar fáil.

---

## Bi ar do chosaint

Cuireadh in iúil dúinn go rabh gluaisteán amháin ar a laghad ag dul thart ceanntair na Rosann agus Gaoth Dobhair ag iarraidh daoine a mhealadh ar shiúl fá choinne "turas."

Síltear gurb as na Sé Chontae iad seo, agus de thairbhe an dúnmhairbh milteanach a tharla ins an Chontae seo tá goirid ó shoin, níor cheart do aon duine seans a ghlacadh. Ba cheart do achan nduine a dhícheall a dhéanamh daoine mar seo a stopfadh sul a mbeidh sé ró-mhall.

Tá na gárdaí ag scrúdadh an scéala fá láthair agus ba cheart do dhaoiní a fhéiceas rud ar bith amhrasach a innse dóibh comh gasta agus is féidir.

Bá cheart do thuismitheoirí comhairle a thabhairt dá gcuid páistí gan dhul isteach i ngluaisteán ar bith a stopfhas muna bhfuil aithne acu ar an tiománaí.

---

Tá lúcháir ar a chomharsain agus cairde uilig i Meendoirenaslua go bhfuil Pádraig Mac Giolla Bhríde aráis as an ospidéal a raibh sé ann i Baile Áth Cliath. Bhuail tinneas go tobann é cupla seachtain ó shoin ach tá sé ag biseadh go maith anois, agus ní bheidh abhfad go mbeidh sé i mbun a chuid oibre arís.

### GEALLTA

Cuireann a gcairde go léir a gcomhghairdeachas ag Pádraig Mac Eachmharcaigh as Rann na Feirste agus Padraigín Ní Bhaoill as Loch an Iúir a gealladh tá goirid ó shoin.


Comhghairdeachas agus ádh mór ó

**Feda O Domhnaill**

Grósaer Mace, Feoladóir

Serbhís Mini-Bus Oíche agus Lá

**Rann na Feirste**

Fón Anagaire 14

Glascú 041 429 5796


# Toghachan Coiste Paroiste Anagaire

**Chéad toghachán san tír a mbeidh bhóta ag daoine thar ocht mbliana déag d'aois.**

Beidh toghachán Coiste Paroiste Anagaire ar an Domhnach 11ú Feabhra. Seo an chéad uair a bhéas bhóta ag duine ar bith thar ocht mbliana dhéag d'aois.

Sé príomh aidhm an Choiste na cuidiú le leas an Phobail sa Pharoiste i gcoitionta. Beidh suim ag an Choiste i ngach gné de shaol na Paroiste, idir saolta agus spioradálta. Beidh an Choiste, tré a h-Ionnadaí ag feidhmú mar ghuth na Paroiste.

Le h-aghaidh toghacháin, beidh an Pharoiste roinnte ina sheacht gceanntair agus beidh uimhir áirithe ionadaí le toghadh ó gach ceanntar mar a leanas:

| Ceanntair: | Ionadaí |
| --- | --- |
| Loch an Iúir/Mín Doire na Slua Ailt an Éin | 2 |
| Anagaire Thoir agus Thiar/Mín a' Craoibhe An Ghleann/Rann na Mónadh Cúl a' Chruic/Díreach | 3 |
| Bun na mBeann/Croighe Bhaoill Grial/Druim na Ceartha/Cnoc a' Caoithean | 2 |
| Bráid/Carraic Fhinn | 1 |
| Mullach Dubh/Baile Mhanais Rannaigh Chuachaill | 2 |
| Mín a Léice/Doire na Mainsear Coilín Darach | 1 |
| Rann na Feirste/Loch na nDeorain | 2 |

Beidh cead bhótail ag gach duine a bhfuil cónaí air sa Pharoiste agus a bhfuil a n-ocht mbliana déag slán aige Caithfidh gach ceanntar bhótail ar son daoine as a gceanntar fhéin atá os cionn ocht mbliana déag d'aois.

Gheobhaidh gach duine os cionn aois bhótail, agus atá ina chónaí sa Pharoiste, páipéar bhótala agus clúdach, tréimse réasunta roimh an toghcháin.

Beidh an bhótail de réir an mhódh seo leannas:

Beidh cead ag gach duine a bhfuil bhóta aige, 1, 2, nó 3 ainm a chur ar an pháipéar bhótala, ag brath ar an mhéid Ionadaí atá ceadaithe do gach ceanntar (m.s. ceanntar Anagaire srl. Uimhir Ionadaí ceadaithe: 3. Mar sin, beidh cead ag gach duine sa cheanntar sin, a bhfuil bhóta aige, trí ainm a chur ar a pháipéar bhótala in n-ord a rogha. An triúr a gheobhas an uimhir bhótaí is aoirde, beidh siad toghtha.)

Beidh boscaí speisialta ag Eaglaisí na Paroiste ar an Domhnach 11/2/'73 chun na bhótaí a chruinniú. Tá daoine neamh spléachach ceapaith chun na bhótaí a chuntas i Scoil Anagaire ag 3 p.m. an Domhnach sin (11/2/73.)

Beidh cead ag duine ar bith as an Pharoiste bheith i láthair ag an gcuntas.

Ins an bhlian atá le theacht tá cuid mhór gnoithí tábhachtach (m.s. oideachas srl.) le socrú agus bá cheart do gach duine a bhfuil bhóta aige, é a chaitheamh ar son daoine a mheasann sé a b'fearr a d'fhóirfheadh don phost tabhachtach seo.


Comhghairdeachas agus ádh mór ó

Ostan na Rosann

An Clochán Liath

Fón 91



**Mion-Mhargadh Ui Dhomhnaill**

**ANAGAIRE**

Earraí Grósaera, Milseógra, Crua-Earraí

Ionadaí do Uachtarlan Dhún na nGall

Bainne Paisteartha

Guthan Anagaire 32

# Cúrsaí Spóirt



## Cúirt Úr Liathróid Láimhe

le LIAM MAC GAOTHÁIN

TÁ AOS Óg Loch an Iúir ag dul ar aghaidh i láthair na h-uaire, le cúirt nua Liathróid Láimhe a thógáil sa cheantar. Sé Cumann Óige Loch an Iúir a spreag an smaoineadh agus tá sé ag fáil tacaíocht mhór ón Chumann Forbartha, ar a bhfuil Domhnaill O Baoill (Cigiré tighe) agus Gearroid Ó Baoill ina g-cheannairí, agus tá an obair ag dul ar aghaidh go maith.

Tá sé mar tradisiún san áit suim a bheith acu i gcúrsaí Liathróid Laimhe ariamh ó tógadh cúirt oscailte ar an bhaile suas le tríocha bliain ó shoin. Bhéadh fir óga na h-áite ag imirt ann domhnach agus dálach, go speisialta sa t-Samhradh, agus chuirfeadh sé glindear ar do chroí an gleó a bhéadh acu, agus an macalla a bhainfeadh siad as an bhalla, ag bhuaileadh an liathróid ina éadan, ach d'imigh sin agus thainig seo.

Oíche amháin a raibh stoirm mhóir ann, caidé do bharúil a tharla, ach thuit taobh bhalla don Chúirt. Bhí sé ar lá go brónach agus a bhí i Loch an Iúir ariamh an látharna bhárach, nuair a chonaic an t-aos óg a gCúirt breá leagtha. Bhí a gcuid caitheamh aimsire uilig imithe, ní bhéadh a ngleo le cloisteál níos mó ag muintir na h-áite dar leo, go dtí gur spreagadh an smaoineadh Cúirt mhór a thógail ar a mbeadh díon, leis an Cluiche a choinéal beo san áit. Fosta ar an Chúirt seo, béidh áiléar (gallery) seomraí gléasta, leithreas agus spás breá pairceála do ghluaisteáin taobh amuigh.

Bhéadh sé ina bholscaireacht mhór agus thabharfadh sé cuairteoirí chun na h-áite agus tá Loch an Iúir ag bráth ar chuairtoirí go mór, go dír-each cosúil le ceantar ar bith eile sa Ghaeltacht.

Bíonn Cumann Óige Loch an Iúir ar a bhfuil Séan Mac Suibhne mar chathaoirleach agus Liam Mac Gaoth-áin mar rúnaí/cisteoir agus Séamus Ó Baoill ina leas chathaoirleach. Eoghan Mac Grianna agus Donnchadh Mac Suibhne mar leas-chisteoirí agus Cathal Mac Giolla Bhríde, Brian Ó Baoill, P. Mac Phaidín, Pádraig Mac Suibhne, Dónall Ó Baoill, Peadar Mac Grianna, Donall Mac Suibhne agus Dónall Ó Donaill mar bhaill don choiste, ag obair go dion dicheallach gach Sathairn agus gach lá ina moionn seal saor acu, leis an Chúirt a thógail comh gasta agus is féidir. Tá siad uilig ag déanadh obair dheonach (Vol-untary) agus ní thiocfadh leat scaifte níos fearr buachaillí a fháil i gceanntar ar bith, leis an t-suim atá acu ins an obair. Nuair a bhéas an Chúirt tógtha tá rudaí eile ar intinn acu a dhéanadh le caitheamh-aimsire a bheith sa cheantar dófa.

Tá Cumann Liathróid Láimhe bunaí san áit agus tá Cathal Mac Giolla Bhríde mar chaithaoirleach air. Beidh an Chumann seo i mbun cluiche d'fháil don fhoireann' Liathróid Láimhe nuair a bheas an Chúirt tógtha. Tá Cúirt Liathróid Láimhe ar an Fhálcarrach agus foireann láidir acu, agus bheadh siad an shásta foireann a bheith i Loch an Iúir, le coimhlint a thabhairt dófa go dheas dá bhaile. Tá siadsan (muintir an Fhálcharraigh) ag déanadh a ndícheall chun cuidiú leo mar gheall ar eolas fá dheontais agus fosta ag tabhairt leidiú fán fhoirgneamh.

Nuair a bheas an Chúirt tógtha, beidh sé ag aos óg na h-áite mar Ionad Caitheamh Aimsire chomh maith ar ndóighe le Liathróid Láimhe, agus sé barúil mhuintir na h-áite gurb é an rud is fearr a tharla ariamh sa cheantar. Tá súil acu go mbeidh sé tógtha roimhe bhliain agus leis an spiorad atá acu i láthair na h-uaire is dóiche go bhfuil an ceart acu.


RÁTAÍ "GAELTACHT"

Ainm ____________

Seoladh ____________


____________

£ ______

☐ 3 mhí 55p
☐ 6 mhí £1.10p
☐ 1 bl. £2.20

GAELTACHT

Cló Na Rosann,
Gaoth Dobhair,
Leitir Ceanainn,
Tír Chonaill.

### DORNÁLAÍOCHT

Cathal Ó Domhnaill as an Ghleann Anagaire, gasúr atá ag greadadh amach ainm mhór do fhéin ag dorn-álaíocht. Cé nach bhfuil sé ach ocht mbliana déag d'aois, tá i measc mórán eile, dhá thrófaí bainnte aige le cruthú gurbh é ginearál na ndornálaí in Uladh sna blianta 1971/72.

Thoisigh sé ag dornáil i gCumann Anagaire, a bhunaí an Sarsaint Seoirse Ó Dochartaigh a bhí a thraenál. Le Anton 'Dora' Mac Fhionnlaighe mar bhainisteoir bhí an bua ag Cathal in achan chomórtas a ghlac sé páirt ann.

Ar an bhlian seo chugainn, glacfaí sé céim mór eile atá cinnte a ainm a chuir ar theanga achan duine, ní amháin in Anagaire, na Uladh, ach ar fud na h-Éireann. Sé sin cnag ar Chraobh Ceannas na h-Éireann. Idir an dá linn, tá cuid mhór comórtasí socraithe fá na choinne in Leitir Cean-ainn, a ullmhadh.

An ceathrú mac do Chathal agus Caitlín Uí Dhomhnaill as an Ghleann, tá sé fá láthair ar chúrsa Anco i nGaoth Dobhair ag staidéar le bheith ina Tháthaire (welder)

Tá súil ag "Gaeltacht" go n-éireoch-aidh go maith leis ina chuid comort-áisí uilig agus beidh muid ag léiriú ó am go h-am caidé mar atá sé ag fáil ar aghaidh.

Adh mór ort a Chathail!


Comhgháirdeachas ó

**Ó LAODAIGH**

Grósaer, Taibhearnóir, Crua-Earraí

**Ceann Casslach**

Comhghairdeachas agus ádh mór ó

**MICHEÁL S. Ó GALLCHÓIR**

CEIMICEOIR

**An Bun Beag**

**COMHLUCHT CHLADYKNIT**

**Doirí Beaga.** **Guthán: Bun Beag 21**

***Déantúsoirí agus onnmhuirtheoirí Breidín Crios Eadaí ailne do phaistí agus do chailíní oga. Lucht Déanta Earraí Lámhchniotáilte de gach sort.***

***EARRAÍ NUA INEALL - SHNÍOMHTHA do FHIR, MNÁ AGUS PÁISTÍ***

Séamus Ó Searcaigh

Earraí Grósaera agus Éadaí

**Rann Na Feirste**

**Fón Anagaire 63**

Comhghairdeachas agus ádh mór ó

CUMANN ÓIGE LOCH AN IÚIR



A chlóbhualadh sa Ghaeltacht ag Cló na Rosann, Gaoth Dobhair.